Aigneadh m’fhir chomtha chridhe

O’Keeffe, J. G.: ’A portrait’ (from an unnumbered loose sheet of MS. in the Franciscan Library), *Miscellany presented to Kuno Meyer*, 1912, 246-9]

1  Aigneadh m’fhir chomtha chridhe
ná hiarr d’omhan oirbhire,
más fhéidir go bhfaghthaoi sin
éiten nach faghthaoi a aithghin.

2  Uaigneach aignedh Úi Fhiachrach,
macámh sírshéimh sáimhbhriathrach,
bádhach le gach taobh dá ttig
’s nach grádhach ar aon d’fhichid.

3 Beart le gach beinn don dhá chlár
go feadh na fóirne dh’iompádh,
dearbhathuis a dhúl do chuir
rún cearrbhachuis mo chomthuigh.

4  Fear luaimhnioch as linn ’s as libh,
lámh le gach láimh as láidir
go feadh an dísle do dhul,
fer as dísle san domhun.

5  D’Ulltaibh a ttráith a ttreise
an fer cumainn croidheise,
do Chlár Meadhbha uair eile
go huain fheadhma a oirbheire.

6  Dubhghall é ’sas Gaoidheal glas,
ó Mhuaidh, ó Fheoir, ó Fhorghas,
Muimhnioch ’sas Midheach más neach
Lineach, Luighneach is Laighneach.

7  É gidh Midheach as Maineach,
Dátúnach is Díolmhaineach,
fer cúplach, Bannach, Béurrach,
Búrcach, Barrach, Builtéarach.

8  Síonón seininnse na bhfionn,
Iúdás oirir na hÉirionn,
anágh cinnte dhá chine
Canán mhillte a mhuinntire.

9  Nír cumadh fá choim na néull
ealta dá nach éun eiséun -
acht amháin an ealta ó bhfoil,
ferta más báidh an bádhsoin.

10 Ná hiarr anos ’s anuraidh
dá oidhche é ar aontulaigh,
gach tulach dán goire grian
tulach an duine ón duibhshliabh.

11 Tríd sin déun ionnramh aireach
a ccaidreabh na ccomhaidheach,
dár bhflaithne ná feacadh fear,
deacar aithne na naigneadh.  Aigneadh 7c.